## An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail Feasachán

**R3 2019**

Taighde arna dhéanamh ag amárach research

**Cuireann an feasachán seo príomhthorthaí ón tríú ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir mí Iúil agus Meán Fómhair 2019 i láthair. Cé go ndéantar suirbhé agus tuairisciú ar dhaoine 16-17 mbliana d'aois i dtuarascáil bhliantúil an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail, tá méid an tsampla ró-bheag le tuairisciú air ar bhonn ráithiúil.**


Fiafraíodh de dhaoine faoina dtuairimí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla; má bhain íospairt dóibh le bliain anuas agus, agus má bhain, cibé ar thuairiscigh nó nár thuairiscigh siad an choir sin don Gharda Síochána. Fiafraíodh a leibhéal sástachta faoin dóigh a láimhseáladh a gcásanna chomh maith.  Fiafraíodh d'fhreagróirí faoina leibhéal imní agus eagla faoi choireacht agus íospairt, agus cibé an mbíonn tionchar aige sin ar a gcaighdeán saoil nó nach mbíonn. Bailíodh a dtuairimí ar na cineálacha coiriúlachta ar chóir do na Gardaí tosaíocht a thabhairt dóibh chomh maith le tuairimí ar infheictheacht an Gharda Síochána agus láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla. Scrúdaíodh leibhéil sástachta leis an nGarda Síochána agus an méid muiníne a bhraith daoine sa Gharda Síochána freisin, mar aon le tuairimí ar an gcaoi ar chaith an Garda Síochána leo, caidreamh an Gharda Síochána agus tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas na heagraíochta.


Tá an suirbhé deartha le bheith ar siúl ar bhonn leanúnach (déanann sé suirbhé leanúnach ar an daonra) agus déantar suirbhé ar 1,500 duine gach ráithe. Bailíodh sonraí trí mheán agallamh sa bhaile, duine le duine, le rannpháirtithe. Tá na torthaí ardleibhéil a chuirtear i láthair sa feasachán seo bunaithe ar shonraí arna n-ualú de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.


Déantar an suirbhé seo ar shampla randamach den daonra. Dá réir sin caithfimid glacadh leis go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Táthar tar éis é sin a ríomh ag +/- 2.53 faoin gcéad don sampla ráithiúil. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go méadaítear an lamháil earráide agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú. Ba chóir go dtabharfaí an méid sin ar aird agus anailís i leith íospartaigh na coireachta á scrúdú. Ní mór a thabhairt ar aird chomh maith nach hionann gach cairt ina mbaintear úsáid as céatadáin agus 100 faoin gcéad mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí. Ag teacht leis an modheolaíocht a úsáideadh i dTuarascáil Bhliantúil 2018, críochnaíodh réamh-anailís ar na hathróga go léir chun measúnú a dhéanamh ar an méid freagraí 'níl fios'. Rinneadh cinneadh ansin ar cé acu an raibh siad le heisiamh ó anailísí ina dhiaidh sin nó nach raibh. Baineadh na freagraí 'Níl a fhios agam' agus diúltaithe as an anailís má tá siad níos lú ná 10 faoin gcéad de na freagraí ag gach pointe tomhais. I gcásanna inarbh ionann freagraí 'níl a fhios agam' agus 10 faoin gcéad nó níos mó de fhreagraí na bhfreagróirí, cuirtear anailís a áiríonn agus nach n-áiríonn freagraí den sórt sin san i láthair ar mhaithe le críochnúlacht. Tá monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar fhreagraí 'níl a fhios agam'/diúltaithe chun a chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht na sonraí.


## Déimeagrafaic

Is ionann an sampla agus 1,500 duine fásta 18 bliain d'aois agus níos sine.




## ABHAR


2 Tuairimí i leith na Coireachta
2 Íospairt
3 Eagla agus imní faoin gcoireacht
3 Infheictheacht an Gharda Síochána
4 Sástacht leis an nGarda Síochána
5 Muinín sa Gharda Síochána
5 Cóir chothrom ag an nGarda Síochána
6 Tuairimí i leith Eagraíocht an Gharda Síochána
6 Conclúid

# Tuairimí i leith na Coireachta


I R3 2019, bhraith 79% de fhreagróirí go raibh an choireacht náisiúnta mar fhadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach – gan aon athrú ó R2 2019, cé go raibh méadú 8 bpointe céatadáin ann ón ráithe chéanna anuraidh. Go ginearálta, d'fhan céatadán na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil an choireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' réasúnta seasmhach thar na cúig suirbhé deiridh, cé go bhfuil na freagróirí a bhraitheann gur 'fadhb an-tromchúiseach' é an choireacht náisiúnta ag ardú ó R3 2018.  I gcodarsnacht leis sin, braitheann freagróirí go fóill nach bhfuil coireacht áitiúil chomh tromchúiseach le coireacht náisiúnta. I R3 2019, mheas 18 faoin gcéad de fhreagróirí go raibh an choireacht ina gceantair áitiúla 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' - laghdú aon phointe céatadáin ó R2 2019.


## Tuairimí i leith na Coireachta Náisiúnta

## Tuairimí i leith na Coireachta




# Íospairt




I R3 2019, b'ionann an ráta íospartha[1] agus 4.2 faoin gcéad[2], i gcomparáid le ráta 5.5 faoin gcéad sa ráithe chéanna de 2018. Le linn R3 2019, mhaígh 82 faoin gcéad[3] d'íospartaigh gur thuairiscigh siad a n-eachtra coireachta is déanaí don Gharda Síochána. Is ionann é seo agus méadú 6 phointe céatadáin ón ráta tuairiscithe i R2 2019, cé go bhfuil sé fós faoi bhun an fhigiúir do R1. Bhí sástacht i measc íospartaigh na coireachta le linn R3 2019 (*íospartaigh a thuairiscigh a gcoir do na Gardaí*) 52 faoin gcéad, laghdú de 14 pointe céatadáin ó R2 2019, agus laghdú 16 pointe céatadáin ón ráithe chéanna de 2018. Mheas daicheas a seacht faoin gcéad de na híospartaigh i R3 2019 go raibh an méid ceart faisnéise curtha ar fáil dóibh - méadú de 10 bpointe céatadáin ón ráithe chéanna anuraidh, cé go bhfuil an figiúr seo ag titim ó R1 2019. **Ba chóir go gcaithfí go cúramach le figiúirí ráithiúla a bhaineann le híospartaigh na coireachta mar gheall ar líon íseal na samplaí.**

1 *Áirítear leis seo a bheith i d'íospartach de bhuirgléireacht, goid, robáil, damáiste coiriúil, ionsaí, nó calaois.*


2 *D'fhulaing 63 freagróir íospairt le 12 mhí anuas.*

3 *Thuairiscigh 49 íospartach a gcoir leis an nGarda Síochána.*

# Imní faoi Íospairt agus Eagla roimh

D'fhan céatadán na bhfreagróirí nach bhfuil imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta seasmhach ag 55 faoin gcéad do na trí cheathrú deiridh. Mhéadaigh sé seo ó 50 faoin gcéad i R3 de 2018. Ina measc siúd a raibh imní orthu faoi íospairt, bhí 4 faoin gcéad imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh díobhála pearsanta, bhí 15 faoin gcéad imníoch faoi ghoid nó damáiste maoine agus bhí 26 faoin gcéad imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh den dá cheann araon. I R3 2019, thuairiscigh 38 faoin gcéad de na freagróirí nach raibh eagla ar bith orthu maidir le coireacht i gcoitinne, méadú 3 phointe céatadáin ó R2 2019. I gcás na bhfreagróirí sin a thuairiscigh go raibh eagla orthu, bhí 'go leor eagla' ar 3 faoin gcéad acu agus thuairiscigh 59 faoin gcéad go raibh 'roinnt' eagla orthu nó 'gur bheag' eagla a bhí orthu. Thuairiscigh seasca a sé faoin gcéad de na freagróirí nach ndeachaigh an eagla roimh choireacht i bhfeidhm ar a gcaighdeán saoil - méadú de 6 phointe céatadáin ón ráithe chéanna de 2018. Tá an figiúr seo, den chuid is mó, ag ardú ó R3 2018. Ina measc siúd a thuairiscigh go ndeachaigh an eagla i bhfeidhm ar a gcaighdeán saoil, dúirt 22 faoin gcéad go raibh laghdú beag tagtha ar a gcaighdeán saoil, thuairiscigh 22 faoin gcéad go raibh laghdú measartha tagtha ar a gcaighdeán saoil agus thuairiscigh 3 faoin go ndeachaigh an eagla i bhfeidhm go mór nó go han-mhór orthu.


### Imní faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht





# Infheictheacht an Gharda Síochána

Le linn Ráithe 3 2019, b'fheasach do 41 faoin gcéad de fhreagróirí go raibh siad ar an eolas go háitiúil maidir le patróil an Gharda Síochána - gan aon athrú ó R2 2019, leis an dá thréimhse seo ag léiriú na leibhéal is airde le tamaill anuas de na Suirbhéanna ar Dhearcadh an Phobail. Maidir le braistintí maidir le láithreacht an Gharda Síochána go háitiúil, le linn R3 2019, mheas 47 faoin gcéad go raibh sí 'ceart go leor'. Tá an figiúr seo, den chuid is mó, ag ardú ó R4 2018.

### Patróil an Gharda Síochána go




### Láithreacht an Gharda Síochána go hAitiúil




# Sástacht leis an nGarda Síochána

Le linn R3 2019 thuairiscigh 81 faoin gcéad de fhreagróirí go raibh siad 'an-sásta' nó 'sásta' leis an tseirbhís arna soláthair ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla; (b'ionann an figiúr sin agus 76% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh). Tá leibhéil sástachta ag ardú ó R1 2019, ach go ginearálta d'fhan siad laistigh den raon 79 - 81 faoin gcéad ó R3 de 2018. Leanann leibhéil sástachta ag ardú ó R1 2016 (nuair a bhí sé 62%), agus an leibhéal sástachta ab airde le feiceáil i R3 2019.


In Eanáir 2018, cuireadh ceithre cheist nua leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a bhain le hiontaofacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus le caidreamh an Gharda Síochána. Mar is amhlaidh le hailt roimhe seo, baintear freagraí 'níl a fhios agam' agus diúltaithe as an anailís má tá siad níos lú ná 10 faoin gcéad de na freagraí. Mar sin féin, chun na sonraí a chur i láthair go cruinn, cuirtear na cionta a áiríonn agus nach n-áiríonn freagraí 'níl a fhios agam' i láthair sa chairt Sástacht leis an nGarda Síochána (i ndath dearg) agus i gcairteacha Leibhéal an Chomhaontaithe thíos.

- Le linn Ráithe 3 2019, d'aontaigh 77 faoin gcéad de na freagróirí gur féidir brath ar an nGarda Síochána a bheith i láthair nuair a bhíonn gá leo. Sin méadú 5 phointe céatadáin ó R2 2019 agus an figiúr is airde sna cúig ráithe deiridh.
- D'aontaigh ceithre faoin gcéad is fiche de na freagróirí go bhfuil caidreamh idir an nGarda Síochána agus an pobal lag, laghdú de 8 pointe céatadáin ó R2 2019. Tá an figiúr sin ag ísliú go seasta ó R3 2018.
- Bhraith an chuid is mó ag 89 faoin gcéad go n-éisteann an Garda Síochána le hábhair imní na ndaoine áitiúla - méadú 8 bpointe céatadáin ón ráithe chéanna in 2018.
- Ar deireadh, d'aontaigh 29 faoin gcéad nach bhfuil an Garda Síochána ag déileáil le rudaí atá tábhachtach don phobal áitiúil. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo ó 43 faoin gcéad i R3 2018 - 14 pointe céatadáin.


## Sástacht leis an nGarda Síochána




## Leibhéal an Chomhaontaithe gan na Freagraí 'Níl a Fhios Agam' san áireamh





## Leibhéal an Chomhaontaithe lena n-áirítear Freagraí 'Níl a fhios agam'



# Muinín sa Gharda Síochána


Tá muinín sa Gharda Síochána i rith an R3 2019 fós ard, le 92 faoin gcéad de na freagróirí ag tuairisciú go bhfuil leibhéal muiníne idir meánach go ard acu. Cé gur fhan muinín sa Gharda Síochána an-chobhsaí i gcomparáid le suirbhéanna, is é R3 2019 an leibhéal muiníne taifeadta is airde sna cúig ráithe deiridh.





# Cóir chothrom ag an nGarda Síochána

Mar gheall ar an líon mór freagraí 'níl a fhios agam' ar an gceist seo, tá na figiúirí lena a áiríonn agus nach n-áiríonn 'níl a fhios agam' le fáil sna cairteacha thíos. I rith R3 2019, d'aontaigh 96 faoin gcéad de fhreagróirí an tsuirbhé go gcaithfeadh an Garda Síochána leo le meas dá mbeadh teagmháil acu leo ar chúis ar bith (nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh san anailís, b'ionann an figiúr sin agus 91%). Chonacthas an leibhéal comhaontaithe ab airde i R2 agus R3 de 2019 leis an ráiteas seo sna cúig ráithe deiridh. Nuair a fiafraíodh díobh an gcaitheann an Garda Síochána ina gceantar áitiúil le gach duine go cothrom beag beann ar cé hiad féin, d'aontaigh 88 faoin gcéad de na freagróirí (73% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh). Mhéadaigh an figiúr seo 9 bpointe céatadáin ón ráithe chéanna in 2018.


### Caitheann an Garda Síochána le daoine go hómósach




### Caitheann an Garda Síochána go cothrom le gach duine



# Tuairimí i leith Eagraíocht an Gharda




Mar a luadh roimhe seo, más lú ná 10 faoin gcéad na freagraí 'níl a fhios agam' agus diúltaithe, ní chuirfear san áireamh san anailís iad. Mar sin féin, chun na sonraí a chur i láthair go hiomlán agus go cruinn, cuirtear an cion a áiríonn agus nach n-áiríonn freagraí 'níl a fhios agam' i láthair sa chairt thíos (figiúirí 'níl a fhios agam' idir lúibíní). I Ráithe 3 de 2019, bhí an leibhéal comhaontaithe ab airde i measc freagróirí sna cúig ráithe dheireanacha (95%) leis an ráiteas 'Tá an Garda Síochána cairdiúil agus cabhrach'. Tá an figiúr seo ard i gcónaí. Ar an gcaoi chéanna, mheas 76 faoin gcéad de fhreagróirí go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal - méadú 6 phointe céatadáin ó R2 de 2019; b'ionann an céatadán a mheas an Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach agus 72 faoin gcéad (tá sé sin ag ardú ó R4 2018) agus éifeachtach maidir le dul i ngleic le coireacht, 71 faoin gcéad; mheas 63 faoin gcéad go raibh an Garda Síochána dea-bhainistithe (ardú 8 bpointe céatadáin ó shonraí R2). Ar deireadh, d'aontaigh 43 faoin gcéad go soláthraíonn an eagraíocht seirbhís den chéad scoth (gan athrú ó R2). Tá feabhas leanúnach ag teacht ar dhearcaí ar éifeachtacht agus ar chumas an Gharda Síochána ó 2016 agus leanann an treocht sin ar aghaidh i R3 2019 i bhformhór na réimsí.

# Conclúid

Arna choimisiúnú ag an nGarda Síochána agus obair allamuigh curtha i gcríoch ag Amárach Research, déantar torthaí Shuirbhé an Gharda Síochána faoi Dhearcadh an Phobail a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil. Tá feasacháin agus tuarascálacha bliantúla roimhe seo ar fáil ag www.garda.ie.

Mar aon leis na ráithí roimhe seo, braitheann freagróirí go fóill nach bhfuil coireacht áitiúil chomh tromchúiseach le coireacht náisiúnta. Tá céatadán na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil an choireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' ag ardú ó R3 2018, cé gur fhan an figiúr comhcheangailte dóibh siúd a mheasann go bhfuil sé 'tromchúiseach' nó 'an-tromchúiseach' réasúnta seasmhach.

I R3 2019, sheas an ráta íospartha ag 4.2 faoin gcéad, agus sheas an céatadán íospartach a thuairiscigh a gcoir is déanaí don Gharda Síochána ag 82 faoin gcéad. Tá sástacht i measc íospartaigh na coireachta (a thuairiscigh na coireanna do Gharda Síochána) laghdaithe i R3 2019 go 52 faoin gcéad ó 66 faoin gcéad i R2. **Mar a luadh cheana féin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go méadaítear an lamháil earráide agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú. Ba cheart é sin a thabhairt ar aird agus samplaí d'íospartaigh na coireachta á scrúdú go ráithiúil**.

I R3 2019, d'fhan an cion freagróirí nach mbíonn imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta mar a bhí i R1 agus R2 2019. Mhéadaigh céatadán na bhfreagróirí nach bhfuil aon eagla orthu i leith na coireachta go ginearálta 3 phointe céatadáin ó R2 2019 go 38 faoin gcéad agus tháinig méadú beag orthu siúd a mheas nach ndeachaigh an eagla roimh choireacht i bhfeidhm ar a gcaighdeán saoil ón ráithe chéanna de 2018.

D'fhan feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla ag 41 faoin gcéad i R3 2019, agus tá ardú ar líon na ndaoine a mheasann go bhfuil infheictheacht an Gharda Síochána go háitiúil ag an leibhéal ceart ó R4 2018 agus bhí sé 47 faoin gcéad i R3 2019. Tá sástacht leis an tseirbhís do phobail áitiúla ag ardú freisin ón gcéad ráithe de 2019. Bhí ochtó a haon faoin gcéad 'sásta' nó 'an-sásta' leis an tseirbhís seo.

Tá muinín sa Gharda Síochána fós an-ard ag 92 faoin gcéad. Mar an gcéanna, i R3 2019, creideann formhór na bhfreagróirí (96%) go gcaithfeadh an Garda Síochána leat go hómósach dá mbeadh teagmháil acu leo ar chúis ar bith agus go gcaitheann an Garda Síochána ina gceantar áitiúil le gach duine go cothrom beag beann ar cé hiad féin (88%) . Ar deireadh, tá feabhas tagtha ar leibhéil chomhaontaithe le ráitis faoi éifeachtacht agus inniúlacht an Gharda Síochána i ngach réimse ó R2 2019 (tá na tuairimí go gcuireann an Garda Síochána seirbhís den scoth ar fáil mar an gcéanna).